Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13635/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0311 (NLE)**

**ECOFIN 1026**
**FIN 1088**
**UEM 273**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Pholainn chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d'eascair as ráig COVID-19<br>- Glacadh |

ecoeco

1. Le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1] ('Rialachán SURE' anseo feasta) leagtar síos an creat lena gcuirfear ar chumas an Aontais cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Bhallstáit atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach nó a bhfuil dianbhagairt orthu de bharr ráig COVID-19, go príomha maidir le scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe agus, mar chuid choimhdeach, roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte a chosaint.

2. I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán SURE, táthar le cúnamh airgeadais a chur ar fáil trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn togra ón gCoimisiún.

[1] IO L 159, 20.5.2020, lch. 1–7

3. Tugadh tacaíocht shealadach don Pholainn faoi Rialachán SURE le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020[2].

4. Tar éis iarraidh a fháil ón Pholainn an 19 Meán Fómhair 2022 síneadh a chur leis an liosta beart i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 ón gComhairle, ghlac an Coimisiún, an 5 Deireadh Fómhair 2022, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme AE 2020/1353 lena dtugtar tacaíocht shealadach do Phoblacht na Polainne faoi Rialachán SURE (13219/22).

4. Rinneadh an togra thuasluaite a scrúdú ag Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an 11 Deireadh Fómhair 2022 agus rinne saineolaithe dlí agus teanga athbhreithniú air ina dhiaidh sin.

5. Is féidir a mheas anois go bhfuil an obair ullmhúcháin theicniúil críochnaithe, agus féadfar dréacht-téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh go foirmiúil.

6. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 297(2) CFAE agus le hAirteagal 18(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go bhfuil an cinneadh seo ón gComhairle, a luaithe a ghlacfar é, le cur in iúl don Bhallstát a bhfuil sé dírithe chuige, ag Ardrúnaí na Comhairle nó ag Ard-Stiúrthóir atá ag gníomhú thar a cheann.

7. De bhun Airteagal 122(2) CFAE, ba cheart d'Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin gcinneadh cur chun feidhme seo ón gComhairle.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an téacs agus a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Polainne chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19, mar a leagtar amach in 13225/22, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga.

---

[2] IO L 314, 29.9.2020, lch. 45–48